# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH — ARDLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 11 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH ROINN DE NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as Freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar an gceist/ na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |



THALL →

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ,

NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 5 mharc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** Is é a chiallaíonn 'dialóg idir-chreidmheach' ná ________________________________

________________________________________________________________

**2.** Chuir Tacitus eolas stairiúil ar fáil faoi Íosa Nazórach. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**3.** Is é an dearcadh a chuireann an t-ábharachas chun cinn ná ________________________

________________________________________________________________

**4.** Le linn a óige sa Phalaistín bhí Íosa ina chónaí i bProibhinse na Gailíle.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**5.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'misean' ná ________________________

________________________________________________________________

**6.** Cúis amháin le cliseadh pobail ná ____________________________________________

________________________________________________________________

**7.** Is é an dearcadh atá san aindiachas ná gurb ann do Dhia. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**8.** Léigh liosta na rudaí reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Rinneadh rud amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Rudaí Reiligiúnacha* |
|---|
| Bindi |
| Cros |
| Mandala |
| Meanóra (Menorah) |
| Mata Urnaí |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

| | *Rud Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | Cros | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**9.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag Allah leis?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**10.** Sampla amháin de mhíorúilt a rinne Íosa ná 'Cothú an Chúig Mhíle Duine'.

Tabhair sampla **eile** de mhíorúilt a rinne Íosa.

________________________________________________________________

**11.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'síocháin' ná ______________________________

______________________________

**12.** Is é an duine a threoraigh na hIosraeilítigh amach as saol na sclábhaíochta san Éigipt ná —
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

MALAICÍ ☐ MARCAS ☐ MAOIS ☐

**13.** Is féidir cur síos a dhéanamh ar an reiligiún mar fhoinse mhoráltachta i saol duine.
Luaigh foinse mhoráltachta **eile** i saol duine.

______________________________

**14.** Is é a chiallaíonn comhartha ná gníomh, íomhá nó focal a chuireann teachtaireacht shoiléir amháin in iúl. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**15.** Is é an dearcadh atá san agnóiseachas ná ______________________________

______________________________

**16.** Sa traidisiún Críostaí cé acu **ceann** de na laethanta seo a leanas sa tSeachtain Mhór a bhfuil baint ag an Suipéar Déanach a cheiliúir Íosa, leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

DÉ CÉADAOIN ☐ DÉARDAOIN ☐ DÉ hAOINE ☐

**17.** Sampla den mhaithiúnas is ea pardún a thabhairt nó trócaire a thaispeáint.
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**18.** Léigh liosta na bhféilte reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Rinneadh féile amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige léi mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Féilte Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Díbheálaí (Diwali) | An Búdachas |
| An Cháisc | An Chríostaíocht |
| Ramadan | An Hiondúchas |
| Rosh Hashanah | An tIoslamachas |
| Vesak/Wesak | An Giúdachas |

| | *Féile Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *An Cháisc* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**19.** Teideal amháin a bronnadh ar Íosa ná 'An Meisias'. Ainmnigh teideal **eile** a bronnadh ar Íosa.

______________________________

**20.** Cé acu **ceann** de na sainchreidimh Críostaí seo a leanas a bhfuil an bhaint is mó ag ceiliúradh na seacht sacramint leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

MODHACH ☐ PREISPITÉIREACH ☐ CAITLICEACH RÓMHÁNACH ☐

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ CINN** DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA A GHABHANN LEO. **(Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Is grianghraf é seo de dhuine ag léamh as téacs diaga.**



*(Foinse: www.conservapedia.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thugann le tuiscint go bhfuil an duine seo ag léamh as téacs diaga.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas agus ainmnigh téacs diaga a bhfuil baint aige leis:

AN BÚDACHAS ☐ AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN HIONDÚCHAS ☐

AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

*Ainm an téacs diaga:*________________________

(2 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** chúis a mbreathnaíonn na baill de reiligiún domhanda ar théacs mar théacs diaga.

i. ________________________________________

________________________________________

ii. ________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Is grianghraf é seo de phobal creidimh.**



(*Foinse: Ken O' Halloran — Irish Independent*)

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf seo a leanas a thugann le tuiscint gur baill de phobal creidimh iad na daoine seo.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Ról amháin is féidir a bheith ag duine i bpobal creidimh ná ról mar cheannaire. Ainmnigh ról **eile** is féidir a bheith ag duine laistigh de phobal creidimh.

________________________________________

(2 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** chúis a mbíonn róil éagsúla ag daoine i bpobal creidimh.

i. ________________________________________

________________________________________

ii. ________________________________________

________________________________________


(6 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

**Ceist 3.** **Is grianghraf é seo d'fhoirgneamh ar áit adhartha é do na baill de phobal creidimh.**



*(Foinse: galeri.uludagsozluk.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thugann le tuiscint gur áit adhartha atá san fhoirgneamh seo.

______________________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

**B.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na cineálacha foirgnimh seo a leanas agus ainmnigh an mór-reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige leis:

EAGLAIS ☐ MANDIR ☐ MOSC ☐

SIONAGÓG ☐ TEAMPALL ☐

*Ainm an mór-reiligiún domhanda*: ____________________

(2 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** chúis a mbíonn na baill de reiligiún domhanda ag adhradh i gcineál áirithe foirgnimh.

i. ______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**Ceist 4.** **Siombail den cheartas atá sa léaráid seo.**



*(Foinse: www.patheos.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa léaráid a thugann le tuiscint go léiríonn an tsiombail seo an ceartas.

______________________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

**B.** I dtraidisiún reiligiúnach is é a chiallaíonn an téarma 'ceartas' ná — ____________________

______________________________________________

______________________________________________

(2 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** chúis a n-oibríonn na baill de phobal creidimh ar son an cheartais.

i. ______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN BLAG THÍOS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA UILE A LEANANN É.

BAILE   FAOI   NA BLAGANNA DEIREANACHA   TREOIRLÍNTE BLAGÁLA   TEAGMHÁIL

AM LE MACHNAMH A DHÉANAMH —

*An leor an méid ama a chaithimid ag machnamh ar bhrí na beatha?*



An tseachtain seo caite bhí mé ag siúl abhaile ón scoil, bhí an ghaoth chomh láidir sin go raibh orm stopadh san áit a raibh mé i mo sheasamh agus aird a thabhairt ar na duilleoga a bhí ag titim ó na crainn.  Le dathanna agus fuaimeanna an dúlra i mo thimpeall thosaigh mé ag machnamh ar áilleacht an domhain agus ar an ionad a bhí agamsa ann.



Uaireanta is maith liom éisteacht le ceol agus suí ar an trá ag breathnú amach ar an bhfarraige, agus machnamh a dhéanamh ar an saol.  Mothaím má bhím ag caint le Dia agus ag urnaí faoi na rudaí a bhfuil tábhacht leo sa saol go gcabhraíonn a leithéidí seo liom ciall a bhaint as an saol atá agam.  ✍ *PJ*



*(Foinse: http://www.kabbalahblog.info; ibtimes.co.uk; pixshark.com)*

**1.** Mínigh an chaoi ar mhúscail eachtra a bhfuil cur síos déanta air sa bhlag thuas ionadh agus iontais ar PJ faoi bhrí na beatha.

(10 marc)

**2.** *Sampla amháin den chaoi a bhféadfadh duine ionadh agus iontas a mhothú ná an áilleacht sa dúlra a aithint.* Tabhair breac-chuntas ar shampla **eile** den chaoi a bhféadfadh eispéireas a bhraith duine i rith a shaoil an duine a chur ag déanamh iontais agus ag cur ceisteanna faoi bhrí na beatha.



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

(12 mharc)

**3.** Mínigh **dhá** chúis a bhféadfadh an t-am a ghlactar le machnamh a dhéanamh cabhrú le daoine agus iad ag cuardach bhrí na beatha.

i.

ii.

(12 mharc)

**4.** *Uaireanta iompaíonn daoine i dtreo an reiligiúin agus iad ag cuardach bhrí na beatha.*
Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh teagasc a bhaineann le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas cabhrú le creidmhigh agus iad ag cuardach bhrí na beatha.

◆ AN BÚDACHAS ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

(*REILIGIÚN DOMHANDA*)

(16 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Déan cur síos ar **dhá** shampla den chaoi ar féidir an tiomantas reiligiúnach a fheiceáil i measc na mball de phobal creidimh in Éirinn sa lá atá inniu ann.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(12 mharc)

b. Mínigh cad a spreagann an tiomantas reiligiúnach i measc na mball de phobal creidimh in Éirinn sa lá atá inniu ann.

______________________________

(12 mharc)

**B.** a.

| ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
|---|---|---|---|---|
| AN BÚDACHAS | AN CHRÍOSTAÍOCHT | AN HIONDÚCHAS | AN tIOSLAMACHAS | AN GIÚDACHAS |

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas agus déan cur síos ar shampla ar cad a chiallaíonn an téarma 'foilsiú' sa reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis.

______________________________



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

(12 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** a mbíonn tionchar ag tuiscint an duine ar an bhfoilsiú ar chleachtas reiligiúnach na mball sa reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis i *gcuid B a)* thuas.

(14 mharc)

**Ceist 2.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. De réir na Soiscéal ba é an t-ainm a bhí ar dhuine **amháin** de dheisceabail Íosa Nazórach ná — ____________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar cad a tharla in eachtra **amháin** i saol Íosa nuair a d'iarr sé ar dhuine a bheith ina dheisceabal.

(14 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla d'íobairtí a bhí ann do na chéad Chríostaithe agus iad mar dheisceabail Íosa.

i.

ii.

(16 mharc)

b. Mínigh dúshlán **amháin** a bhíonn roimh Chríostaithe sa lá atá inniu ann agus iad mar dheisceabail Íosa.

(15 mharc)

**Ceist 3.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA**

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Déan cur síos ar shearmanas reiligiúnach a dhéanann comóradh ar cheann **amháin** de na hócáidí seo a leanas i saol baill den reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas: ● BREITH ● PÓSADH ● BÁS

______________ (*ÓCÁID*)

(14 mharc)

b. Cuir a bhfuil i gceist leis an searmanas reiligiúnach a bhfuil cur síos déanta agat air thuas i gcomparáid leis an tslí a ndéantar an ócáid a chomóradh i mór-reiligiún domhanda **eile**.

(18 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**B.** Mínigh **dhá** chúis a mbíonn searmanas reiligiúnach ag na baill den reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis i *gcuid A)* thuas chun breith *nó* pósadh *nó* bás a chomóradh.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(18 marc)

**Ceist 4.** **CEIST AN CHREIDIMH**

**A.** a. ● CREIDEAMH NA hÓIGE ● AN CREIDEAMH AIBÍ

Déan cur síos ar na príomhthréithe a bhaineann le ceann amháin de na céimeanna creidimh thuas.

______________ (*CÉIM CREIDIMH*)

(12 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

b. Scrúdaigh an ról a bhíonn ag an iontaoibh i bhforbairt chreideamh an duine.

(12 mharc)

**B.** a. *Is féidir le daoine féachaint ar cheist an chreidimh agus tuairimí éagsúla a bheith acu ina leith.* Déan cur síos ar a bhfuil i gceist le **gach** ceann de na tuairimí éagsúla seo a leanas:

- AN BUNÚSAÍOCHAS
- AN tINDIBHIDIÚLACHAS

(12 mharc)

b. *Is féidir le daoine creideamh a chur in iúl ar shlite éagsúla*:

- AN tAONDIACHAS
- AN tILDIACHAS

Tabhair breac-chuntas ar shampla den chaoi ar féidir ceann **amháin** díobh seo thuas a fheiceáil i mór-reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

(14 mharc)

**Ceist 5.** **CEILIÚRADH AN CHREIDIMH**

**A.** a. Léigh liosta na bpaidreacha agus liosta na mór-reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Déan paidir **amháin** a mheaitseáil leis an mór-reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige leis.

| *Paidreacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Cré na nAspal | An Búdachas |
| An Paritta | An Chríostaíocht |
| An Shahadah | An Hiondúchas |
| An Shema | An tIoslamachas |
| An Rig Veda | An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Paidir* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheacracht leis an bpaidreoireacht/urnaí a d'fhéadfadh a bheith ag na baill de mhór-reiligiún domhanda sa lá atá inniu ann.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(12 mharc)

**B.** a. *I dtraidisiúin reiligiúnacha seasann daoine áirithe amach mar dhaoine cráifeacha.* Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda agus ainmnigh duine a bhfuil baint aige/aici leis an bpaidreoireacht/urnaí sa reiligiún a bhfuil tic curtha agat leis.

| ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
|---|---|---|---|---|
| AN BÚDACHAS | AN CHRÍOSTAÍOCHT | AN HIONDÚCHAS | AN tIOSLAMACHAS | AN GIÚDACHAS |

*Duine cráifeach*: ______________________________

(5 mharc)

b. Mínigh cén fáth a raibh an phaidreoireacht/urnaí tábhachtach i saol an duine sin atá ainmnithe agat i *gcuid B a)* thuas.

______________________________

(12 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

c. Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a raibh tionchar ag an duine atá ainmnithe agat i *gcuid B a)* thuas ar an tuiscint faoin phaidreoireacht/urnaí i measc na mball dá reiligiún domhanda sa lá atá inniu ann.

(16 mharc)

**Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA**

**A.** a. Is é a bhíonn i gceist don duine reiligiúnach a chaitheann saol morálta ná ____________

(5 mharc)

b. Mínigh **dhá** shlí ar féidir iarmhairtí a bheith ann do bhaill de mhór-reiligiún domhanda mura gcaitheann siad saol morálta.

i.

ii.



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

(20 marc)

**B.** a. Is é dearcadh an iolrachas ná go bhfuil sé de cheart ag gach grúpa laistigh de shochaí a gcuid nósanna reiligiúnacha agus cultúrtha féin a chleachtadh.

(Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (5 mharc)

b. Mínigh an chaoi a bhféadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas duine a threorú maidir le cinneadh a dhéanamh faoina bhfuil ceart nó mícheart i gcás ar leith:

- ÚDARÁS
- TRAIDISIÚN

(20 marc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.** Déan próifíl den tslí a bhfuil **dhá** shainchreideamh Críostaí sa lá atá inniu ann ag cruthú urraime i leith a bprionsabal creidimh féin agus i leith prionsabail chreidimh daoine eile.

**Ceist 2.**

- CEANNAIRÍ POLAITIÚLA
- CEANNAIRÍ REILIGIÚNACHA

Déan méid an róil a d'imir **gach** ceann de na grúpaí thuas sna heachtraí arbh é bás Íosa an toradh a lean astu.

**Ceist 3.** ◆AN BÚDACHAS ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

Cuir an cleachtas reiligiúnach, a bhí ag lucht leanúna tosaigh de cheann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas, i gcomparáid leis an gcleachtas reiligiúnach atá ag a chuid ball sa lá atá inniu ann.

**Ceist 4.** Cuir patrún an chreidimh reiligiúnaigh san Eoraip i gcomparáid le ceann atá le fáil in áit eile ar domhan sa lá atá inniu ann.

**Ceist 5.** ◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

Déan anailís ar nádúr agus ar fheidhm **dhá** chineál urnaí éagsúla do bhaill de reiligiún domhanda atá liostaithe thuas.

**Ceist 6.** Scrúdaigh a bhfuil i gceist in **dhá** chéim d'fhorbairt choinsias an duine agus pléigh an ról a imríonn gach céim i bhfás duine chun na haibíochta morálta.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO dTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist ___



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|
| | |

(70 marc)

Leathanach Bán